

An Bhruiséil, 12 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12619/25

INST 251
POLGEN 137
AG 130

NÓTA

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	12386/25
Ábhar:	An clársceidealú reachtach – Seisiún tuairimíochta

1. Leagadh amach Comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹ (IIA-BLM) chun clársceidealú bliantúil agus ilbhliantúil an Aontais a threisiú d'fhonn an reachtóireacht a fheabhsú, agus gníomhaíochtaí agus tionscnaimh an Aontais a dhíriú ar na príomhthosaíochtaí beartais a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo. I gcomhréir leis sin, d'fhormheas an Chomhairle socruithe praiticiúla maidir leis an gclársceidealú bliantúil².
2. Ó shin i leith, ghlac Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach páirt i dtimthriallta clársceidealaithe bliantúla chun na tosaíochtaí polaitiúla agus reachtacha a chinneadh gach bliain.

¹ IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

² 6879/16.

3. An 9 Meán Fómhair 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún Tuarascáil 2025 um fhadhbhreathnaitheacht straitéiseach³ arb é is aidhm di bonn eolais a chur faoi thosaíochtaí beartais agus faoin smaointeoireacht fhadtéarmach beartais. Tá tuarascáil na bliana seo dírithe ar athléimneacht fhadtéarmach an Aontais, lena gcuirtear cur chuige réamhbhreathnaitheach ar fáil chun a chinntiú go mbeidh rath ar an Aontas tráth na héiginnteachta, chun dúshlán nua a réamh-mheas agus chun spás slán a chothú do shaoránaigh agus do ghnólachtaí. Sainaitnítear ann ocht réimse gníomhaíochta inar féidir leis an Aontas a athléimneacht eacnamaíoch, shochaíoch, chomhshaoil agus pholaitiúil a neartú.
4. An 10 Meán Fómhair 2025, d'eisigh an Coimisiún Litir intinne⁴ uaidh ina leagtar amach na príomhghnéithe lena dtreoraítear ullmhú Chlár Oibre 2026 an Choimisiúin atá le teacht. Leagtar béim sa litir ar an bpráinn agus ar scála na ndúshlán atá le sárú ag an Eoraip, agus ar an ngá atá le freagairt le breis gníomhaíochta agus tionscnamh. Chuige sin, sainaitnítear sa *Litir intinne* 30 phríomhthosaíocht agus príomhthionscnamh le haghaidh 2026 i dtosaíochtaí 2024-2029 an Choimisiúin.
5. An 16 Meán Fómhair 2025, agus tar éis don Choimisiún a *Litir intinne* a thíolacadh, beidh seisiún tuairimíochta ag an gComhairle (Gnóthaí Ginearálta) maidir leis an gClársceidealú Reachtach.
6. D'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an seisiún tuairimíochta sin ag an gcrúinniú a bhí aige an 12 Meán Fómhair 2025.
7. Déanfaidh an Uachtaránacht achoimre ar an seisiún tuairimíochta sin sa Chomhairle i litir chuig Uachtarán an Choimisiúin mar ionchur do Chlár Oibre 2026 an Choimisiúin atá le teacht.
8. Cuirfear Clár Oibre an Choimisiúin 2026, (a mheastar a fhoilseofar an 21 Deireadh Fómhair 2025), faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) an 17 Samhain 2025.
9. Oibreoidh na trí Institiúid ansin chun an Dearbhú Comhpháirteach maidir le tosaíochtaí reachtacha an Aontais do 2026 a ullmhú. Foráiltear leis an bhféilire atá beartaithe go gcuirfear an Dearbhú faoi bhráid na Comhairle (Gnóthaí Ginearálta) lena fhorghabháil an 16 Nollaig 2025 agus go gcuirfear ar aghaidh ansin é le síniú ag an triúr Uachtarán ar imeall chruinniú na Comhairle Eorpaí an 18 Nollaig 2025.

³ 12388/25.

⁴ 12387/25.